# Coimeád Taifead agus Próiseas Droichead (Bunscoile): Taifid Mholta

Chun próiseas dearbhaithe cáilíochta na Comhairle Mhúinteoireachta a éascú, iarrtar ar na scoileanna na taifid a chruthaigh siad chun tacú le próiseas Droichead a choimeád ar feadh bliain ar a laghad agus ina dhiaidh sin, ar aon dul lena mbeartas cosanta sonraí.

| Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) Múinteoir Nuacháilithe (MNC) | Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) Múinteoir Nuacháilithe (MNC) |
|---|---|
| Príomhchéimeanna Droichead mar “threoirscéim” den phróiseas | |
| **Cóip den Ríomhphost Deimhniúcháin** (Ríomhphost ón gCM trína gceadaítear Droichead a thosú) | **Cóip den Ríomhphost Deimhniúcháin** (Ríomhphost ón gCM trína gceadaítear Droichead a thosú) |
| **Sracphlean Droichead** [de réir bheartas Droichead] | **Sracphlean Droichead** [de réir bheartas Droichead] |
| **Gach Cruinniú: clár oibre/miontuairiscí** m.sh. cruinniú tosaigh leis an MNC; taifid de chomhráite gairmiúla, athbhreithnithe ráithiúla; cruinniú chun an próiseas a chríochnú | **Gach Cruinniú: clár oibre/miontuairiscí** m.sh. cruinniú tosaigh leis an MNC; taifid de chomhráite gairmiúla, athbhreithnithe ráithiúla; cruinniú chun an próiseas a chríochnú |
| **Na Taifid Ionduchtaithe**<br>● An doiciméad Caighdeáin Droichead agus Plean Ionduchtaithe<br>● Taifid Iar-bhreathnóireachta | **Na Taifid Ionduchtaithe**<br>● An doiciméad Caighdeáin Droichead agus Plean Ionduchtaithe<br>● Taifid Iar-bhreathnóireachta |
| | **Taisce** |
| **Cóip d’Fhoirm D** (sula uaslódálann an MNC an fhoirm chuig an gComhairle Múinteoireachta) | **Cóip d’Fhoirm D** (sula uaslódálann an MNC an fhoirm chuig an gComhairle Múinteoireachta) |
| “Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm inar mian le MNCanna nó FTG ábhair imní a ardú maidir le gnéithe de phróiseas Droichead. Is é atá i gceist leis an bpróiseas seo céim neamhfhoirmiúil, ag leibhéal na scoile, agus céim níos foirmiúla ag leibhéal an CNIM. Chomh maith leis sin, táthar in ann saincheisteanna nach bhfuil réitithe a ardú sa Chomhairle Mhúinteoireachta, trína painéil um Dhearbhú Cáilíochta de chuid Droichead.”<br>An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017, l.7. | |

1.1.7.2 Agus taifid á gcoimeád, ní mór don FTG meas a léiriú ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht an eolais a bailíodh le linn an phróisis. Ba chóir ceisteanna eiticiúla agus cosanta sonraí a chur san áireamh, leis, an t-ainm a bhaint d’aon sonraí nuair is gá sin agus fáil ar eolas íogair a theorannú.

1.1.7.3 Nuair a fhágann MNC a bhfuil codanna áirithe nó gach cuid de phróiseas Droichead déanta acu an scoil, ba chóir cóip de na taifid chuí atá i seilbh na scoile maidir leis an bpróiseas sin a thabhairt dóibh.

An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017, l.6.

CC BY NC